**Eagarthóir Ilardáin TG4**

**Conradh Buan**

Is mian le TG4 Eagarthóir Ilardáin a cheapadh ar chonradh buan. Tá TG4 ag díriú ar an lucht féachana a fhás ar na hArdáin Dhigiteacha go léir. Ag freagairt don Stiúrthóir Lucht Féachana, Margaíochta agus Comhpháirtíochta, beidh an tEagarthóir Ilardáin i bhfeighil stiúir agus treoir eagarthóireachta agus straitéise a chur i bhfeidhm d'ardáin éagsúla TG4.

Sa ré seo ina bhfuil rogha mór ag an lucht féachana; an ré ilardán, tá fás tagtha ar líon na n-ardán a bhfuil TG4 ar fáil orthu agus tá an chaoi a mbreathnaíonn an lucht féachana ar ábhar ag athrú seasta. Tá TG4 ag iarraidh a chinntiú go mbeidh TG4 aitheanta ina shruthchraoltóir tarraingteach a bhfuil de nós ag an lucht féachana é a úsáid go rialta.

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin is riachtanas é go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann a bheidh ionad oibre an phoist seo agus tá polasaí solúbtha oibre i bhfeidhm ag TG4.

**An Ról:**

Beidh an ról nua seo lárnach i dtaobh cuidiú le fás TG4 ar na hardáin sruthaithe go léir, Seinnteoir TG4, ardáin eile ar líne, Sky, Virgin, Eir, Saorview, agus YouTube ina measc. Beidh pleanáil eagarthóireachta, anailís sonraí agus tiomsú (curation) cliste i gceist chun an lucht féachana sruthaithe atá ag an stáisiún a fhás agus a fhorbairt. Beidh an té a cheapfar ag obair le foirne ábhair, dáileacháin agus margaíochta TG4 chun na spriocanna straitéise atá againn a bhaint amach i dtaobh an lucht féachana a fhás agus TG4 a chur in oiriúint don todhchaí.

**I measc na ndualgas, ach gan bheith teoranta dóibh, a bheidh ar an té a cheapfar beidh**:

- **An Lucht Féachana a Fhás:** Fás an lucht féachana ar ardáin sruthaithe TG4 a bhrú chun cinn.  Tuiscint ghrinn ar shonraí lucht féachana ar ardáin sruthaithe agus ábhar TG4 ar na hardáin a chur in oiriúint do nósanna féachana. Úsáid a bhaint as sonraí agus cinntí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh mar chuid den chur chuige eagarthóireachta.
- **Stiúir Eagarthóireachta:** Stiúir agus treoir straitéiseach Eagarthóireachta a thabhairt ar ábhar atá le foilsiú ar ardáin sruthaithe TG4. Tiomsú (curation) straitéiseach a dhéanamh chun ábhar a dhíriú ar an sprioclucht féachana.   Eisiúint ábhair nua a phleanáil chun úsáid laethúil/seachtainiúil a spreagadh.
- **Treoir i dtaobh Dearaidh & Patrúin Foilsithe:** Dea-chleachtais a threorú maidir le dearadh agus foilsiú ar ardáin sruthaithe TG4 chun taithí an úsáideora a fheabhsú agus fonn a chur orthu breis ama a chaitheamh ag sruthú ábhar TG4.
- **Tuiscint:**  Tuiscint ar algartaim agus ar optamú cuardaigh ar líne agus taithí ar lucht féachana a aimsiú agus a threorú chuig ábhar atá á chuardach acu.  Taithí ar straitéisí a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís sonraí.
- **Forbairt:**  Forbairt a dhéanamh ar straitéis ábhair ar Sheinnteoir TG4 & ar Chainéal YouTube TG4 agus ar ardáin nua a thiocfaidh chun cinn.
- **Comhoibriú:**  Comhoibriú le foirne ábhair, eagarthóireachta, margaíochta, seinnteora agus dáileacháin TG4 lena chinntiú go bhfuil fás leanúnach ag teacht ar Lucht Féachana ar ardáin sruthaithe uile TG4.
- Aon dualgais bhailí eile a iarrann Bainisteoir, Stiúrthóir na Rannóige nó an tArd-Stiúrthóir ort a chomhlíonadh.

**Na scileanna agus an taithí atá riachtanach don phost seo:**

- Taithí Eagarthóireachta, Pleanála nó Straitéise in earnáil na Meán, an tSruthaithe nó na Margaíochta
- Ábalta a léiriú go bhfuil tuiscint agat ar dhea-chleachtais maidir leis na hardáin dhigiteacha, agus ar phatrúin féachana sa ré dhigiteach.
- Ábalta sonraí Lucht Féachana a scagadh chun iompar agus nósmhaireacht an lucht féachana a thuiscint agus cinntí a dhéanamh dá réir
- Scileanna tiomsaithe (curation) agus scéalaíochta, a léiríonn cumas léargais lucht féachana a úsáid chun straitéis foilsithe ábhair a fhorbairt.
- Bainistiú tograí agus comhoibriú, ábalta tograí a threorú agus foirne tras-rannacha a stiúradh chun spriocanna gnó a bhaint amach.

*Tabhair ar aird: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Beidh an tuarastal de réir cháilíochtaí agus thaithí an té a roghnófar.

Seol litir iarratais ina léirítear an taithí atá agat agus an cur chuige eagarthóireachta a bheadh agat don phost Eagarthóir Ilardáin chuig cv@tg4.ie roimh **4pm Dé hAoine an 19 Meitheamh 2026.**

**<u>Eolas Breise don Iarratasóir</u>**

**Grád an Phoist:**
Grád 3

**Uaireanta Oibre:**
39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**
Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**
Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**
Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |

## Eolas Breise don Iarratasóir

**Grád an Phoist:** Grád 3

**Uaireanta Oibre:**
39 uair sa tseachtain. Táthar ag súil, mar gheall ar riachtanais an phoist, go mbeifeá solúbtha ó am go ham, i.e. go mbeifeá sásta, scaití, oibriú lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**
Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**
Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |